Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Márta 2024
(OR. en)

7194/24
PV CONS 8
TRANS 123
TELECOM 101
ENER 112

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

4 Márta 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6866/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 7072/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b)** **Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le Airteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 7075/24

**Teileachumarsáid**

1. **Rialachán lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 28 Feabhra 2024

➊C

6683/24 + ADD 1
PE-CONS 73/23
TELECOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 172 CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**An Comhshaol**

2. **Treoir lena leasaítear Treoir 2012/19/AE maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 28 Feabhra 2024

➊C

6684/24
PE-CONS 83/23
ENVI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**<u>Gnóthaí Ginearálta</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Cinneadh lena gcumhachtaítear an Fhrainc chun comhaontú a chaibidil, a shíniú agus a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe maidir le Nasc Seasta Mhuir nIocht**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 28 Feabhra 2024 | ➊ C | 6849/24<br>PE-CONS 91/23<br>UK |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 91 CFAE).

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Slándáil an tsoláthair agus ullmhú do gheimhreadh 2024-2025: staid na himeartha<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 6564/24 + COR 1 |
| 4. | Moladh ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás<br>*Comhaontú polaitiúil* | (*) C | 6619/1/24 REV 1 |
| 5. | An tsolúbthacht, uirlis riachtanach chun an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 6567/24 |

**Aon ghnó eile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. | (a) | Cúrsaí fuinnimh san Úcráin[1]<br>*Faisnéis* | 7006/24 |
| | (b) | Staid na himeartha maidir le dul chun cinn na mBallstát d'fhonn spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 a bhaint amach<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | 7124/24 |
| | (c) | Tionchar an mhuirir neodrachta maidir le stóráil gáis agus an gá atá le comhordú níos fearr ar an leibhéal Eorpach<br>*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire, na Seicia, na Slóvaice agus na hUngáire* | 6932/24 |
| | (d) | Gníomhaíochtaí dlíthiúla práinneacha a iarraidh chun stop a chur le hallmhairí GNL na Rúise isteach san Aontas<br>*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine* | 7040/24 |

---

C — Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) — Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

[1] Cur i láthair ó Aire Fuinnimh na hÚcráine.

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA 'A' A LEAGTAR AMACH IN 7075/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tacaíonn an Ostair leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach de mheon an chomhréitigh fhoriomláin.

Tugtar ar aird, áfach, nár éirigh leis an téacs, a d'eascair as toradh comhréitigh pholaitiúil, an ruaig a chur ar an ábhar mór imní atá ar an Ostair maidir le cosaint sonraí. Baineann na hábhair imní sin go háirithe leis na pointí seo a leanas:

- Foráiltear in Airteagal 12, mír 6, maidir le húdarú iomlán, neamh-idirdhealaitheach agus cothrománach chun aon sonraí pearsanta i mboscaí gainimh rialála a phróiseáil. Tá an fhoráil sin ródhoiléir ó thaobh an dlí um chosaint sonraí de agus ní féidir léi a bheith ina bunús dlí le haghaidh próiseáil sonraí. Maidir leis an duine is ábhar do na sonraí, ní fhoráiltear ar bhealach ar bith d'athúsáid sonraí pearsanta, arna mbailiú chun críche sonraí, chun críocha nach bhfuil baint shubstainteach ná fhoirmiúil acu le cuspóir an bhailithe. A mhéid a bheartaítear gur cineál athúsáide í an fhoráil atá 'comhoiriúnach' de réir bhrí Airteagal 6(4) RGCS, ba cheart a thabhairt faoi deara nach beart riachtanach agus comhréireach é Airteagal 12(6) i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de bhun Airteagal 6(4) RGCS a choimirciú. Thairis sin, ní dhéantar idirdhealú san fhoráil idir catagóirí speisialta sonraí pearsanta de bhun Airteagal 9(1) RGCS agus sonraí pearsanta eile. Dar leis an Ostair, níl sé incheadaithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn Airteagal 6(4) RGCS agus tá sí contrártha leis an measúnú riosca is bun le RGCS.
- Thairis sin, déantar neamhaird iomlán le hAirteagal 12(6) ar phrionsabal cosanta sonraí an íoslaghdaithe sonraí de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, toisc nach bhfuil teorainn ar bith leis an raon feidhme ná leis na catagóirí sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a phróiseáil i mboscaí gainimh rialála.
- Murab ionann agus Airteagal 5(1)(e) RGCS, ní dhéantar foráil sa téacs maidir le huastréimhse choinneála do shonraí pearsanta i mboscaí gainimh rialála. Thairis sin, ós rud é nach bhforáiltear maidir le haon uastréimhse údaraithe do bhoscaí gainimh rialála, tá na sonraí pearsanta atá iontu inrochtana go buan agus is féidir iad a phróiseáil go buan ar feadh tréimhse neamhtheoranta.'